Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall

Post: Bainisteoir Forbartha Ceoil (Gníomhach)

Bhí Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP) ar cheann den dá Sheirbhís Oideachais Ceoil Áitiúil a ndearnadh píolótú orthu i gcomhthionscnamh idir Gréasán an Cheoil agus an Roinn Oideachais in 2005, a bhí ina chúis in 2010 le bunú an Glúin Cheoil, Clár Náisiúnta na hÉireann in Oideachas Ceoil, a thionscnaigh Gréasán an Cheoil agus a chómhaoinigh U2, Cistí na hÉireann agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ó bunaíodh é, tá DMEP ag éirí níos láidre agus níos láidre. Cuireann sé ar fáil teagasc uirlise agus gutha den chéad scoth i ndiaidh am scoile i réimse leathan uirlisí i gcuid mhór ionad ar fud fad an chontae, go mórmhór i scoileanna, coláistí agus ionaid de ghréasán Bhord Oideachais agus Oiliúna (ETB) Dhún na nGall. I measc na réimsí a theagasctar tá an stíl clasaiceach, traidisúnta, snagcheol agus ceol comhaimseartha/rac-cheol.

Thar ceann DMEP, tá ETB Dhún na nGall anois ag lorg Bainisteoir Forbartha Ceoil (Gníomhach) a fhostú le bainistiú a dhéanamh ar a chlár leitheadach d'oideachas ceoil a chuirfidh ar fáil teagasc uirlise agus gutha do pháistí agus daoine óga i gceantar Dhún na nGall. Ba chóir go mbeadh neart taithí agus tuiscint ag an iarrthóir, a n-éireoidh leis nó léi, ar thaibhiú oideachas ceoil thar réimse aoise, seánra ceoil agus comhthéacsanna, ó aois réamhscoile go daoine fásta óga i suíomhanna fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Is é seo conradh do Chuspóir Sonraithe mar chlúdach ar sos gairme.

Cáilíocht don Phost

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal nó a choibéis inghlactha agus, ar a laghad, taithí oibre trí (3) bliana inroghnaithe i bpost ábhartha.
- D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar iarrthóirí gan an cháilíocht riachtanach tríú leibhéal má tá taithí oibre lánaimseartha cúig (5) bliana, ar a laghad, acu in obair ghaolmhar.
- Tá cáilíocht iarchéime i riarachán na n-ealaíon inmhianaithe.
- Chomh maith leis sin, tá sé inmhianaithe go mbeadh líofacht sa Ghaeilge ag an iarrthóir.

Taithí agus Riachtanais

- Taithí roimh ré i riarachán na n-ealaíon, go speisialta in oideachas ceoil agus/nó i bhforbairt an cheoil.
- Taithí oibre ar pholasaithe oideachais an cheoil agus na n-ealaíon.
- Cuntas teiste an-mhaith ar thionscnamh, ar bhainistiú agus ar fhorbairt tionscadail ealaíon.
- Tá taithí in eagrú Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Ghairmithe Ceoil inmhianaithe.
- Eolas maith oibre a léiriú i gceisteanna a bhaineann leis an fhorbairt ar sheirbhís ceoil.

- Díograis a léiriú i gcóir an fhorbairt ar oideachas ceoil.
- Ábaltacht a léiriú chun bainistiú, treorú, stiúradh, comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar fhoireann i gcur ar fáil Tionscadal Áitiúil don tSeirbhís Oideachais Ceoil agus tacaíocht a chur ar fáil dó.
- Caithfidh eolas oibre ar bhuiséadacht agus ar bhainistíocht cuntas a bheith aige/aici
- An cumas chun ullmhúchán a dhéanamh ar iarratais mhaoiniúcháin a shasóidh na critéir maoiniúcháin in aon bhliain..
- Eolas ar pholasaí an Rialtais de réir mar a bhaineann sé le hoideachas, go háirithe oideachas ceoil.
- Eolas sásúil ar chumhachtaí, dualgais agus feidhmeanna Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall.

Próifíl an Duine

- Duine an-spreagtha, le díograis agus fís d'oideachas ceoil.
- Léiríonn sé/sí cumas ceannasaíochta sármhaith chun torthaí maithe a chosaint, a fhuinniú, a spreagadh agus a chur ar fáil.
- Scileanna sármhaithe idirphearsanta agus cumas sármhaith le neartú agus coimeád a dhéanamh.
- Caidreamh oibre láidir le réimse grúpaí, daoine aonaracha agus eagraíochtaí ó earnálacha éagsúla.
- Ábalta réimse comhpháirtíochtaí a bhunú, a fhorbairt agus a choimeád.
- Solúbthacht a léiriú ina gcur chuige leis an obair.
- Cumas foireann a bhainistiú agus a spreagadh.
- Scileanna cumarsáide sármhaithe le líofacht sa Ghaeilge inmhianaithe.
- Ábalta breithiúnas a thabhairt agus tionscnaíocht a úsáid mar is oiriúnaí.
- Úinéir/rochtain ar ghluaisteán le láncheadúnas tiomána glan.

Cur Síos ar an Ról

Ag obair le baill de Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall:-

Bainsistíocht & Comhordú

- Seachadadh ar chlár leitheadach oideachais ceoil an DMEP a bhainistiú agus a chomhordú, ag cur iad seo a leanas san áireamh:
    a) Bainstíú buiséid.
    b) Bainstiú foirne.
    c) Clár bainistíochta.
    d) Margaíocht / bainistiú Acmhainní Daonna.
    e) Freagracht do Mheastóireacht agus Dearbhú Cáilíochta.
    f) Riarachán.

Páirtíocht

- Ábalta líonrú, tógáil ar agus forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí, grúpaí agus daoine aonaracha laistigh de na hearnálacha poiblí, príobháideach, pobail agus deonacha.
- Foinsí cistiúcháin breise a rochtain nuair is oiriúnaí.

Forbairt an Tionscadail

- Leithne agus scóip na gcláracha DMEP a fhorbairt mar fhreagra ar riachtanais áitiúla.
- Nascanna cláir a bhunú le heagraíochtaí oideachais / ealaíon / ceoil / oideachais ceoil go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta.
- Meastóireacht agus dearbhú cáilíochta leanúnach a fhorbairt agus a choimeád.
- Oibriú le teagascóirí uirlise agus gutha i ndearadh agus i bhforbairt cláir agus i gcur chun cinn forbairt ghairmiúil bhreise don fhoireann teagaisc.
- A bheith páirteach sa Ghréasán Náisiúnta den Ghlúin Cheoil.

Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall

- Tuairisc a chur chuig Príomhfheidhmeannach ETB Dhún na nGall nó a oifigeach ainmnithe (m.sh.
- Oifigeach Oideachais nó Oifigeach Oideachais Aosaigh) ar bhunús rialta agus tuairisc chun dáta a chur ar fáil go rialta do Choiste Comhairleach an DMEP.
- Cruinnithe a eagrú, cláir oibre a ullmhú, miontuairiscí a scríobh agus a scaipeadh agus tuarascálacha a ullmhú.

Eolas Breise

- Uaireanta Oibre sa tSeachtain = 37 uair
- Saoire Bhliantúil = 30 Lá
- Tuarastal : €41,474 - €59,390 ag brath ar thaithí

Tá iomlán sonraí faoi Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall le fáil ar www.dmep.ie .

Maidir le hiarrthóirí a gcuirfear scairt chun agallamh orthu, caithfidh siad cur i láthair deich mbomaite a thabhairt ag cur síos ar a gcur chuige don ról mar Bhainisteoir Forbartha Ceoil.
Moltar d'iarrthóirí go bhfuil na hagallaimh socraithe go sealadach don tseachtain ag tosú an **12 Deireadh Fómhair, 2015**.
Déantar an t-iarratas ar fhoirm iarratais maraon le litir chumhdaigh fhócasaithe mar fhreagra ar an choimre don phost mar Bhainisteoir Forbartha Ceoil.

Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh sonraí le fáil ag **www.donegaletb.ie**

Is é an dáta deiridh d'iarratais an **12:00 meán lae ar an Aoine, 9 Deireadh Fómhair, 2015.** Ba chóir iad a chur chuig Linda Harley, Roinn na nAcmhainní Daonna, Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, Ard Uí Dhomhnaill, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall.